



---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2018/0247(COD)

---

---

11362/21  
ADD 1 REV 1

CODEC 1171  
ELARG 46  
COWEB 94  
CFSP/PESC 778  
RELEX 717  
FIN 653  
CADREFIN 398  
POLGEN 154  
MIGR 163

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) ( <b>an chéad léamh</b> ) – Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle = Ráitis

---

### Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le hidirphlé geopholaitiúil le Parlaimint na hEorpa i ndáil leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)

Tá an Coimisiún Eorpach, agus aird á tabhairt aige ar fheidhmeanna rialaithe polaitiúla Parlaimint na hEorpa a leagtar síos in Airteagal 14 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tiomanta idirphlé geopholaitiúil ardleibhéil a dhéanamh idir an dá institiúid maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 2021/XXX ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III). Leis an idirphlé sin, ba cheart go mbeifí in ann malartuithe a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa, agus cuirfear san áireamh go hiomlán na seasaimh atá aici maidir le cur chun feidhme IPA III, agus lánurraim á tabhairt do chumas an Choimisiúin an ionstraim a chur chun feidhme, i gcomhréir lena freagrachtaí institiúideacha.

San idirphlé geopholaitiúil, pléifear treoshuíomhanna ginearálta maidir le cur chun feidhme IPA III, lena n áirítear maidir le clársceidealú sula nglacfar creat clársceidealaithe IPA III agus doiciméid chlársceidealaithe IPA III, agus a bhaineann le hábhair shonracha amhail an cúnamh a thugtar do thairbhí a chur ar fionraí nuair nach n-urramaíonn sé go leanúnach prionsabail an daonlathais, an smachta reachta, an dea-rialachais, urraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha.

Seo a leanas struchtúr an idirphlé gheopholaitiúil:

- i) Idirphlé ardleibhéil idir an Coimisinéir um an gComharsanacht agus um Méadú, thar ceann an Choimisiúin, agus Parlaimint na hEorpa.
- ii) Idirphlé buan ar leibhéal na n oifigeach sinsearach le meithleacha AFET chun a áirithiú go ndéanfar ullmhúchán leordhóthanach agus go ndéanfar obair leantach ar an idirphlé ardleibhéil.

Beidh an t-idirphlé ardleibhéil ar siúl dhá uair sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh ceann de na cruinnithe a bheith i gcomhthráth le tíolacadh an dréachtbhuiséid bhliantúil ag an gCoimisiún.

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le cúnamh a mhodhnú/a fhionraí in Airteagal 8, mír 5 de Rialachán Uimh. 2021/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XX/XX/2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

Measann an Coimisiún Eorpach go n-urramaítear leis an bhforáil in Airteagal 8(5) cumhachtaí an Choimisiúin i gcur chun feidhme chláir an Aontais, agus buiséad an Aontais i gcoitinne, a fhad agus atá sé gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí agus leis an Rialachán Airgeadais cúnamh an Aontais a chuirtear ar fáil do thríú tíortha a chur ar fionraí.

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le cineál comhairleach na mbord straitéiseach mar atá in Airteagal 12 de Rialachán Uimh. 2021/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an XX/XX/2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnadh Réamhaontachais (IPA III)**

Meabhraítear don Choimisiún Eorpach, mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán IPA III, gur *comhlacht comhairleach* don Choimisiún é bord straitéiseach Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF). Déantar é sin a ailíniú le Airteagal 33 de ICFCI – an Rialachán maidir leis an Eoraip Dhomhanda (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gcomhairle an 9 Meitheamh 2021, ina ndéantar tagairt do bhoird straitéiseacha WBIF agus CEFI+. Níl cumhachtaí cinnteoireachta ag na boird straitéiseacha sin i gcomhthéacs chur chun feidhme bhuiséad an Aontais. Bunófar Rialacha Nós Imeachta bhord straitéiseach WBIF ar an mbonn sin.